Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2023/2899

22.12.2023

**CINNEADH (AE) 2023/2899 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 19 Nollaig 2023**

**lena gceaptar beirt chomhaltaí den Chúirt Iniúchóirí**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 286(2) de,

Ag féachaint do na tograí ó Ríocht na Sualainne agus ó Phoblacht na Portaingéile,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rachaidh téarma oifige GEC LINDSTRÖM in éag an 29 Feabhra 2024. Mhol Poblacht na Sualainne Hans LINDBLAD a cheapadh mar chomhalta den Chúirt Iniúchóirí ón 1 Meitheamh 2024.

(2) Cailleadh João FIGUEIREDO an 30 Meitheamh 2021. Bhí a théarma oifige le dul in éag an 29 Feabhra 2024. Mhol Poblacht na Portaingéile João LEÃO a cheapadh mar chomhalta den Chúirt Iniúchóirí ón 1 Márta 2024.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, beirt chomhaltaí nua a cheapadh ar an gCúirt Iniúchóirí,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar na daoine seo a leanas ina gcomhaltaí den Chúirt Iniúchóirí:

— Hans LINDBLAD, don tréimhse ón 1 Meitheamh 2024 go dtí an 31 Bealtaine 2030,

— João LEÃO, don tréimhse ón 1 Márta 2024 go dtí an 28 Feabhra 2030.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Nollaig 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
T. RIBERA RODRÍGUEZ

([1]) Tuairimí an 12 Nollaig 2023 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).